

Ráiteas ó €€U/Cumann Esperanto an Aontais Eorpaigh

ar ócáid Lá na hEorpa, 9 Bealtaine 2003

Ag féachaint dúinn ar staid na dteangacha faoi láthair san Eoraip agus an tAontas Eorpach (AE) ar tí forleathnú, is cuí linn tábhacht an chothroim teanga agus chosaint na héagsúlachta teanga a athdhearbhú.

Aontaímid go láidir le prionsabail an chothroim teanga agus chosaint na héagsúlachta teanga atá i gconarthaí is i mbundlithe éagsúla náisiúnta, idirnáisiúnta, agus an AE; go háirithe i gconclúidí Chomhairle na nAirí an 12 Meitheamh 1995 faoi Éagsúlacht Teanga agus Ilteangachas san AE, a athdhearbháiodh i mí Eanáir 2002.

Mar sin féin, ní mór dúinn a thabhairt faoi deara gur in olcas atá an t-idirdhealú agus an míchothrom teanga ag dul le blianta beaga anuas, in ainneoin an ndea-intinní sna conarthaí is sna bundlithe. Thairis sin, is léir dúinn méadú ar an mbrú ar Eorpaigh glacadh leis gurb é an Béarla comhtheanga na hEorpa, agus a gcuid ama is airgid a chaitheamh ag foghlaim Béarla. Ina ainneoin sin, tugtar fábhar as cuimse do Bhéarlóirí ó dhúchas, mar shampla i ndáileadh na bpostanna in eagraíochtaí is i gcomhlachtaí Eorpacha. Ní féidir glacadh leis an míchothrom is an éagóir teanga seo, atá mídhaonlathach, mar bhonn d'aontacht na hEorpa.

Ag aithint dúinn gur tábhachtach foghlaim na dteangacha náisiúnta, áitimid gurbh úsáideach freisin d'fhormhór an phobail dá mbeadh comhtheanga Eorpach acu, a bheadh softghlamtha agus nach ndéanfadh idirdhealú ar aon duine. Measaimid, ó thaithí 120 bliain, go bhféadfadh teanga phleanáilte ar nós Esperanto an chumarsáid ar bhonn an chothroim idir Eorpaigh a éascú.

Tugaimid cuireadh do Choimisiún na hEorpa agus do rialtais náisiúnta an AE toil Chomhairle na nAirí faoi Éagsúlacht Teanga agus Ilteangachas san AE, a cuireadh ar pháir an 12 Meitheamh 1995, a chomhlíonadh chomh luath agus is féidir; agus chuige sin, comhdháil sheasta a bhunú, ar a mbeidh polaiteoirí, teangeolaithe agus ionadaithe náisiúnta eile, chun gach réiteach a phlé, ina measc réiteach trí ról a thabhairt d'Esperanto, agus turgnaimh eolaíochta chun na críche sin a eagrú.

Dearbhaímid gur gá prionsabail an chothraim idir saoránaigh uile an AE, lena n-áirítear an cothrom teanga, prionsabail atá inbhainte amach, a scríobh isteach sa dréacht-bhunreacht atá á ullmhú ag an gCoinbhinsean faoi láthair.

Seán Ó Riain

Uachtarán an €€U/Cumann Esperanto an Aontais Eorpaigh

Bunaíodh an €€U/Cumann Esperanto an Aontais Eorpaigh (<http://lingvo.org/eeu.html>) sa bhliain 1992 i Verona na hIodáile. Comheagras na n-eagraíochtaí náisiúnta Esperanto i 15 bhallstát an AE is ea é.

Teagmháil: kontakto@lingvo.org

Breis eolais faoi Esperanto: <http://www.esperanto.ie>, <http://www.esperanto.net>, sean.oriain@dfa.ie.